## Tar ag obair linn!

## Tá Ealaín na Gaeltachta ag lorg Áisitheora Ealaíon do Ghaeltacht Dhún na nGall chun saoire mháithreachais a chlúdach

Is é misean Ealaín na Gaeltachta (fochomhlacht de chuid Údarás na Gaeltachta) ná forbairt na n-ealaíon dúchasach agus comhaimseartha sa Ghaeltacht, agus is de réir Straitéis Ealaín na Gaeltachta 2023-2027 atáimid ag feidhmiú faoi láthair. Beidh sé de phríomhchúram ar an té a cheapfar an clár oibre i dtaca leis seo a chur i bhfeidhm i nGaeltacht Dhún na nGall, mar aon le tacú le hobair eile na heagraíochta.

Is post lánaimseartha é seo, ar chonradh cuspóra sheasta chun saoire mháithreachais a chlúdach (ag brath ar mhaoiniú leordhóthanach a bheith ar fáil). Íocfar tuarastal bunaithe ar ghrád a 3 na seirbhíse poiblí (Ardoifigeach Feidhmiúcháin), le bunráta €58,847.

Beidh an té a cheapfar lonnaithe in oifig Údarás na Gaeltachta sa réigiún, agus beidh rogha ann roinnt den obair a dhéanamh ón mbaile. Beidh roinnt áirithe taistil i gceist, laistigh agus lasmuigh den réigiún. De bharr nádúr an phoist, beidh gá ó am go chéile le hobair thráthnóna agus dheireadh seachtaine.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine le cáilíochtaí ábhartha tríú leibhéal, mar aon le saineolas sna healaíona agus le taithí i bhforbairt agus i gcur chun cinn na n-ealaíon.

Is fostóir comhdheiseanna é Ealaín na Gaeltachta agus is mór againn an éagsúlacht san eagraíocht. Ní dhéanaimid idirdhealú ar bhonn cine, reiligiúin, datha, bunúis eitnigh, inscne, gnéaschlaonta, aoise, stádais pósta ná stádais míchumais.

Caithfear iarratas a dhéanamh roimh **4.00 i.n. ar an Céadaoin, 15 Aibreán, 2026.**

Breis eolais ón *Riarthóir, Ealaín na Gaeltachta Teo., Údarás na Gaeltachta, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall*. Teil.: (074) 95 60100 R-phost: ma.nifhearraigh@udaras.ie